

E

# Baile an Chollaigh go dtí an Chathair

## An Bealach Tosaíochta don Chonair Iompair Inbhuanaithe

An 3ú Babhta de Chomhairliúchán Poiblí Samhain 2023

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

BUS CONNECTS CORCAIGH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.



# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **4** |
| 1.1 | Cad is BusConnects ann? | 4 |
| 1.2 | Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo? | 4 |
| 1.3 | Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe | 6 |
| 1.4 | Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe | 7 |
| 1.5 | Cad a tharla go dtí seo? | 8 |
| 1.6 | Cad atá sa bhróisiúr seo? | 8 |
| 1.7 | An téarmaíocht a thuiscint | 9 |
| 1.8 | 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe | 12 |
| **2.** | **Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?** | **14** |
| 2.1 | Dearadh Teicniúil | 14 |
| 2.2 | Iarratas ar Thoiliú Reachtúil | 14 |
| 2.3 | Suirbhéanna Tráchta | 14 |
| 2.4 | Ríocht Uirbeach | 15 |
| 2.5 | Amlíne | 16 |
| **3.** | **Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí** | **18** |
| 3.1 | Ceisteanna ginearálta | 18 |
| 3.2 | Conas is féidir ionchur a thabhairt | 18 |
| 3.3 | Cad a tharlóidh anois? | 19 |
| **4.** | **Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta** | **20** |
| 4.1 | Forléargas | 20 |
| 4.2 | Siar ó Bhaile an Chollaig go Bóthar na Modhfheirme/Pollmhóin | 20 |
| 4.3 | Bóthar na Modhfheirme, Pollmhóin go Dennehy's Cross | 23 |
| 4.4 | Dennehy's Cross go Bóthar an Iarthair (Bandfield) | 25 |
| 4.5 | Foilsíodh Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe i mí an Mhárta 2023 | 27 |
| 4.6 | Príomhfhíricí | 27 |
| **5.** | **Aguisíní** | **28** |
| 5.1 | Léarscáileanna Innéacs | 28 |
| 5.2 | Léarscáileanna Bealaigh | 28 |

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathair Chorcaí agus i gcathracha eile. Is cuid thábhachtach é de bheartais an Rialtais a bhaineann le feabhas a chur ar iompar poiblí agus le dul i ngleic le fadhb an athraithe aeráide. Tá sé san áireamh sna beartais náisiúnta agus réigiúnacha seo a leanas:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030;
- Straitéis Iompair Mhórcheantar Chorcaí; agus
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023.

Tá Cathair Chorcaí ag fás agus teastaíonn líonra bus uaithi ar féidir leis freastal ar chathair atá i mbéal forbartha. Is é an aidhm atá ag BusConnects Chorcaí ná córas feabhsaithe bus a sholáthar a théann chun tairbhe don chathair, dá muintir agus don timpeallacht. Tá BusConnects Chorcaí deartha chun seirbhís bus a bheidh níos fearr, níos iontaofa agus níos éifeachtúla a chur ar fáil do chách, chomh maith le háiseanna sábháilte do rothaithe agus saoráidí feabhsaithe do choisithe a chur ar fáil feadh príomhbhealaí.










## 1.2 Cad é an cuspóir atá leis an gcomhairliúchán poiblí seo?

Is é seo an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe ó reáchtáladh an chéad cheann i mí an Mheithimh 2022. Tá forbairt na gConairí Iompair Inbhuanaithe seo ina cuid lárnach de chlár foriomlán BusConnects Chorcaí agus beidh siad ina gcabhair maidir le féachaint chuige go seasfaidh córas bus Chorcaí an aimsir agus maidir le rothaíocht sa chathair agus sa réigiún a dhéanamh sábháilte agus an limistéar sin ag fás.

Cuireann an comhairliúchán seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

# Tá 9 ngné i gclár foriomlán BusConnects Chorcaí

**1** **Develop a network of new sustainable transport corridors**

**91km de lánaí nua/tosaíochta do bhusanna chun**
turais a dhéanamh níos tapúla agus níos iontaofa

**98km de shaoráidí rothaíochta**
(treo amháin) lena soláthrófar 49km den líonra rothaíochta

**2** **An Líonra Bus a athdhearadh**

**3** **Córas ticéadaithe úrscothach**

**4** **Córas íocaíochta gan airgead tirim**

**5** **Struchtúr níos simplí do tháillí**

**6** **Láithreacha nua Páirceála agus Taistil**
ag príomhshuíomhanna

**7** Aistriú chuig flít **busanna nua astaíochtaí nialasacha**

**8** **Libhré bus nua**

**9** **Stadanna agus scáthláin bus nua**
le comharthaíocht agus faisnéis atá níos fearr

## 1.3 Meabhrú ar a bhfuil i gceist le tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe

Is éard atá i gceist leis na moltaí ná infheistíocht a dhéanamh in aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a mbeidh tosaíocht leanúnach bus acu – go ginearálta, lána bus leanúnach sa dá threo, ach b'fhéidir go n-úsáidfí socruithe eile in áiteanna cúnga. Cuirfidh sé seo deireadh leis an moill atá ar an gcóras bus agus ar a chuid paisinéirí faoi láthair. Nuair a bheidh lánaí ann do bhusanna amháin, nó bearta eile coibhéiseacha, beidh níos mó cinnteachta ag na mílte paisinéirí a thaistealaíonn ar bhusanna maidir leis na hamanna a dtagann agus a imíonn busanna, rud a chinnteoidh go mbeidh seirbhís níos fearr agus níos éifeachtaí ann.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe againn raonta rothar scartha a chur ar fáil sa dá threo feadh na gconairí seo, agus beidh siad scartha ón trácht ginearálta chomh fada agus is féidir. D'fhéadfadh sé a bheith deacair é seo a bhaint amach in áiteanna áirithe, ach sna háiteanna sin tá sé beartaithe againn raonta rothar ar leataobh ón trácht a chur ar fáil, is é sin go gcuirfear an raon rothar ar mhalairt slí ón gConair Iompair Inbhuanaithe go bóthar níos ciúine nó go raon rothar saintógtha, sula mbuaileann sé leis an gconair arís.

Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gurb iad na príomhchonairí bus sa chathair atá sna cinn a aithnítear mar Chonairí Iompair Inbhuanaithe. Chomh maith leis na conairí seo, tá líonra athdheartha níos leithne de sheirbhísí bus beartaithe do Chorcaigh agus beidh méadú ar mhinicíocht na mbusanna chomh maith le seirbhísí nua bus mar thoradh air seo. Cuirfear an líonra bus nua i bhfeidhm le linn na bliana 2024/2025 agus is féidir teacht ar na sonraí iomlána faoi seo ar **busconnects.ie**



## 1.4 Cuspóirí na gConairí Iompair Inbhuanaithe



**An córas iompair phoiblí a fheabhsú** ó thaobh cumais agus acmhainneachta de trí iontaofacht agus poncúlacht na mbusanna a fheabhsú trí lánaí bus agus bearta eile a sholáthar chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht na mbusanna thar ghluaiseacht an ghnáth-thráchta;



**An acmhainn le haghaidh rothaíochta a mhéadú** trí bhonneagar sábháilte a sholáthar don rothaíocht, scartha ó thrácht ginearálta áit ar bith a bhfuil sé indéanta;



**Tacú le soláthar seirbhíse iompair phoiblí éifeachtúil, ísealcharbóin agus athléimneach** ó thaobh aeráide de, a chuidíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;



**Fás dlúth, deiseanna athnuachana agus talamhúsáid níos éifeachtaí i gCorcaigh a éascú,** do ghlúin an lae inniu agus do na glúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil;



**Rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha** eile a fheabhsú trí nascacht agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe le seirbhísí iompair phoiblí eile a sholáthar; agus



**A chinntiú go mbreithneofar go cúramach ar an ríocht phoiblí i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair iompair** agus féachaint le príomhphointí fócais uirbeacha a fheabhsú nuair is cuí agus nuair is féidir



## 1.5 Cad a tharla go dtí seo?

Reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) an chéad bhabhta de chomhairliúchán poiblí idir mí an Mheithimh 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2022. Bhain na comhairliúcháin seo le moltaí faoi Bhealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) an dá cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i gCorcaigh. Fuaireamar thart ar 3,000 aighneacht san iomlán le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin seo. Rinneadh na haighneachtaí seo a athbhreithniú agus a mheas mar chuid den phróiseas deartha le haghaidh Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) gach conaire. Cuireadh tús leis an dara babhta de chomhairliúchán poiblí maidir le RBT an aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe i mí an Mhárta 2023 agus lean sé sin ar aghaidh go dtí an 25 Bealtaine 2023. Fuarthas thart ar 4,300 aighneacht mar chuid den dara babhta de chomhairliúchán poiblí.

Rinneadh na haighneachtaí agus an t-aiseolas a athbhreithniú agus anois tá an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar siúl le linn R4 den bhliain 2023. Cuirfidh sé seo deiseanna breise ar fáil don phobal chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith leasaithe de dhearaí agus chun aiseolas a thabhairt fúthu.

## 1.6 Cad atá sa bhróisiúr seo?

Tá an doiciméad seo ar cheann d'aon bhróisiúr déag, agus tá ceann ar leith ann do gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe. Tá cur síos scríofa ar an mBealach Tosaíochta ó thús go deireadh chomh maith le léarscáileanna tacaíochta ar fáil sa doiciméad. Áirítear leis gach leasú a rinneadh, má rinneadh leasú ar bith, ó reáchtáladh an dara babhta de chomhairliúchán poiblí. Tá amlíne ar fáil ann freisin maidir le dul chun cinn an chláir chomh maith le sonraí faoin gcaoi le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar na bróisiúir ón gcéad bhabhta agus ón dara babhta de chomhairliúchán ar ár suíomh gréasáin **www.busconnects.ie** agus is féidir iad a íoslódáil ón suíomh sin chomh maith. Tugtar sainmhínithe sa chéad chuid eile den doiciméad ar an téarmaíocht a úsáidtear ann.



# 1.7 An téarmaíocht a thuiscint

## 1. Conair Iompair Inbhuanaithe (STC):

Tá sé beartaithe aon cheann déag de Chonairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt mar chuid de Chlár foriomlán BusConnects Chorcaí. Is bóthar atá ann cheana féin é Conair Iompair Inbhuanaithe agus ar a dtugtar tosaíocht do bhusanna ionas gur féidir leo feidhmiú ar bhealach atá éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Ciallaíonn sé seo de ghnáth go bhfuil lánaí speisialta lánfhada ann le haghaidh busanna amháin ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire nó go bhfuil bearta eile i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar bhusanna nuair a bhíonn gnáthbhrú tráchta ann. In áiteanna caolaithe, féadtar socruithe eile a úsáid.  Beidh na lánaí bus taobh le lánaí/raonta rothar má tá sé sin indéanta agus beidh siad taobh le lánaí gnáth-thráchta chomh maith.

## 2. Raonta Rothar Scartha:

Is cuid ar leith den bhóthar é raon rothar scartha agus níl cead é a úsáid ach le haghaidh rothaíochta. Bíonn an spás seo scoite go ginearálta ó thrácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. Má tá sé indéanta raonta rothar scartha a fhorbairt in áiteanna beidh rogha eile ag rothaithe - bóithre ciúine a úsáid nó bóithre íseal-luais a roinnt leis an ngnáth-thrácht.

## 3. Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC):

D'fhoilsigh an ÚNI pleananna tosaigh le haghaidh gach ceann de na Conairí Iompair Inbhuanaithe i bpróiseas comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil i mí an Mheithimh 2022. Tugadh Bealaí Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) ar na roghanna sin chun an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach dóchúil na mbóithre nuair a bheidh an bonneagar riachtanach do na Conairí Iompair Inbhuanaithe tógtha. Luadh sna pleananna seo tionchair fhéideartha ar ghairdíní tosaigh, agus athruithe dóchúla ar an gcaoi a n-oibreoidh an trácht chun tosaíocht do bhusanna a éascú.




## 4. Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT):

Rinneadh na moltaí faoi Chonairí Iompair Inbhuanaithe a athbhreithniú agus a leasú tar éis na haighneachtaí ón bpobal maidir leis na BTTCCanna a mheas. Cuireadh i láthair mar an Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) iad i mí an Mhárta 2023 agus reáchtáladh babhta eile de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leo.

Rinneadh mionchoigeartú agus forbairt dearaidh bhreise ar na moltaí, agus anois tá siad á gcur i láthair mar na leaganacha is deireanaí de na RBTanna agus reáchtálfar an babhta breise seo de chomhairliúchán poiblí maidir leo.

Ní moltaí deiridh iad agus déanfar iad a mheas tuilleadh tar éis aiseolas a fháil ón tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí, agus ina dhiaidh sin caithfear iad a scrúdú freisin i gcomhthéacs measúnacht tionchair timpeallachta agus forbairt dearaidh.

## 5. Geata Bus

Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála le linn uaireanta oibre an Gheata Bus. Éascóidh sé tosaíochtaí bus trí thréthrácht ginearálta a bhaint le feadh an bhóthair ar fad, áit a bhfuil an geata bus lonnaithe, agus dá réir sin laghdaítear trácht ar an gcuid ábhartha den bhóthar agus cumasaítear gluaiseacht bhus níos iontaofa`.

Úsáidfear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach.

## 6. Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta:

Baineann Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta úsáid as soilse tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna thar trácht eile ar lánaí singil de stráicí bóthair, ach níl sé éifeachtach ach le haghaidh achair ghearra. Is iondúil go gcuirtear an socrú seo i bhfeidhm ar stráice bóthair nach féidir lána bus a bheith ann mar gheall ar bhacainní bóthair. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais



1. Gluaiseann an trácht ar aghaidh mar is gnáth.



2. Agus an bus ag druidim leis, athraíonn an comhartha soilse d'fhonn stop a chur leis an trácht ginearálta.



3. Tabharfar tús áite don bhus le dul ar aghaidh.



4. A luaithe a fhágann an bus an t-acomhal, is féidir leis an trácht ginearálta dul ar aghaidh.

ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge mar gheall ar fhoirgnimh nó struchtúir ann nach bhfuil cead iad a leagan chun an bóthar a leathnú a dhóthain le haghaidh spás do lána bus.

Oibríonn sé faoi rialú soilse tráchta (ag acomhail de ghnáth) mar a gcaitheann an lána bus agus an lána gnáth-thráchta teacht le chéile agus an bóthar a chomhroinnt ar feadh achar gearr go dtí go mbeidh lána bus ann arís níos faide siar an bóthar. Stopfar an gnáth-thrácht ag na soilse tráchta chun cead a thabhairt don bhus dul ar aghaidh ar an stráice cúng ar dtús. Ansin, nuair a bheidh an bus imithe ar aghaidh, ceadófar don ghnáth-thrácht dul ar aghaidh ag na soilse tráchta.

## 7. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a dearadh chun cur le cumas coisithe agus rothaithe araon dul trasna an bhóthair trí úsáid a bhaint as soilse tráchta a dearadh go speisialta chuige sin.

## 8. Socrú Sráide Ciúine:

Nuair nach bhfuil bóithre STC leathan a ndóthain in áiteanna chun freastal ar rothaithe gan tionchar suntasach a bheith acu ar thosaíocht do bhusanna, déantar iniúchadh ar bhealaí malartacha rothaíochta le haghaidh achair gearra sula mbuaileann siad leis an mbealach bus STC arís. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin.

Tugtar Sráideanna Ciúine orthu mar gheall ar an méid íseal de ghnáth-thrácht a bhíonn orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach do rothaithe agus don ghnáth-thrácht araon, gan aon ghá le raonta rothar scartha ná le lánaí péinteáilte rothar a thógáil. Is éard a bheadh i gceist leis an Socrú Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí d'úsáideoirí bóithre ginearálta agus do rothaithe araon.

## 9. Ríocht Uirbeach:

Tagraíonn Ríocht Uirbeach do na spásanna laethúla sráide a mbaineann daoine úsáid astu agus iad á dtrasnú, ag siopadóireacht, ar ócáidí sóisialta, nó ag spraoi, agus le haghaidh gníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht, nó taisteal chun na hoibre/nó ón obair. Cuimsíonn an Ríocht Uirbeach gach sráid, cearnóg acomhal, agus bóthar eile lena mbaineann ceart bealaigh, is cuma más úsáid chónaithe, tráchtála nó chathartha a mbaintear astu. Nuair a dhéantar é a dhearadh agus a leagan amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sé go mór le saol laethúil na n-áitritheoirí agus na ndaoine a bhíonn ag taisteal thar bráid. Baineann sé le codanna den timpeallacht thógtha atá amuigh faoin aer de ghnáth, áit a mbíonn rochtain saor in aisce ag an bpobal. Bheadh suíocháin, crainn, plandú, agus gnéithe eile i gceist leis a chuirfeadh go mór le heispéireas na ndaoine ar fad.






# 1.8 11 Conairí Iompair Inbhuanaithe

- **A** Dún Citil go dtí an Chathair
- **B** Baile na mBocht go dtí an Chathair
- **C** An Linn Dubh go dtí an Chathair
- **D** Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair
- **E** Baile an Chollaigh go dtí an Chathair
- **F** Baile an Easpaig go dtí an Chathair
- **G** An Tóchar go dtí an Chathair
- **H** Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair
- **I** Cnoc Maryborough go dtí an Chathair
- **J** Machain go dtí an Chathair
- **K** Bóthar Chionn tSáile go Dúglas

Conair Iompair Inbhuanaithe

Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
BAILE AN CHOLLAIGH
GLEANN MAGHA
TEAMHAIR
CLOCH REO
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
AN SRÁIDBHAILE THIAR
CARRAIG RUACHÁIN
CNOC AN CHUILINN
CNOC NA HAOINE
PÁIRC NA HEAGLAISE
GARRÁN NA MBRÁTHAR
AN SEANDÚN
DEARGMHOIN
FEARANN
AN LINN DUBH
LÁR NA CATHRACH
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
BAILE NA MBOCHT
MONTENOTTE
CEANTAR NA NDUGAÍ
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
BAILE AN LOCHA
AN CNOCÁN GLAS
AN LOCH
BAILE FÉITHEÁN
WILTON
BAILE AN EASPAIG
ARD AN RÓISTIGH
AN TÓCHAR
GORT PHROINSIAS
AN GHRÁINSEACH
DÚGLAS
MARYBOROUGH
DOMHNACH BROC
LEHENAGHMORE
BAILE AN RÓISTIGH
MUINE GUAIRNE
SRUTHÁN NA SAILEACH
N20
N22
N40
N27
N28
N71
N8
R639
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K

# 2. Cad atá ag tarlú le roinnt míonna anuas?

Leanadh ar aghaidh le hobair dheartha shuntasach ón mbabhta deireanach comhairliúcháin. Airítear leis an obair seo na nithe seo leanas:

## 2.1 Dearadh Teicniúil

Tá dul chun cinn déanta ar dhearaí agus rinneadh mionchoigeartú breise ar ghnéithe de gach conair amhail acomhail, ailíniú, stadanna bus, áiseanna rothaíochta agus siúil, agus gnéithe den ríocht uirbeach. Tá teagmháil á déanamh le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear teagmháil leis na sealbhóirí tí aonair sin a d'fhéadfadh a bheith thíos leis. Bhí agus tá aiseolas ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chomh maith le suirbhéanna mionsonraithe breise mar bhonn eolais faoin dearadh a bhfuil forbairt á déanamh air fós.

## 2.2 Iarratas ar Thoiliú Reachtúil

Beidh an ÚNI ag ullmhú na nithe seo a leanas mar chuid den Iarratas beartaithe ar Thoiliú Reachtúil do gach Conair Iompair Inbhuanaithe: Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta, Tuarascáil Scagthástála ar Mheasúnacht Chuí (MC), Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), agus nuair is gá, Ráiteas Tionchair Natura (RTN) de réir reachtaíocht, treoirlínte agus dea-chleachtas reatha na hÉireann agus na hEorpa. Tá na scagthástálacha agus na measúnuithe seo á ndéanamh ag speisialtóirí timpeallachta a ceapadh le déanaí chun oibriú ar an tionscadal thar ceann an ÚNI. Beidh na doiciméid ón Tuarascáil Measúnaithe Tionchair ar an gComhshaol agus ón MC mar chuid shuntasach den iarratas foirmiúil reachtúil chuig an mBord Pleanála agus beidh siad ar fáil nuair a chuirfear faoi bhráid an Bhoird iad, mar chuid den chomhairliúchán poiblí reachtúil.

## 2.3 Suirbhéanna Tráchta

Rinneadh sraith chuimsitheach de shuirbhéanna tráchta ar fud na Cathrach, chun eolas cothrom le dáta faoi líon feithiclí agus eolas eile faoi úsáideoirí bóithre a chur ar fáil.  Bainfear úsáid as an eolas seo, in éineacht le foinsí eolais éagsúla eile, chun mionchoigeartú agus calabrú a dhéanamh ar an ionsamhlú ar ríomhaire den tsamhail iompair a forbraíodh do Mhórcheantar Chorcaí.

Bainfidh an fhoireann deartha úsáid as eolas tuartha ón tsamhail iompair chun gnéithe éagsúla de na conairí a fhorbairt agus chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a ndéanfar tuairisciú orthu i ndoiciméid TMTT.

Ullmhófar sraith iomlán de shamhlacha iompair chun tacú leis an TMTT do gach Conair Iompair Inbhuanaithe (mar a thuairiscítear thuas), ach ar dtús rinneadh réamhshamhaltú tráchta chun léargas ardleibhéil a fháil ar na hiarmhairtí tráchta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe. Tugann an tsamhail seo léiriú ar scála na n-athruithe ar an sruth tráchta feadh sráideanna ar fud na cathrach. Déantar cur síos ar fhorbairt agus ar aschuir na samhla seo sa Réamhthuarascáil um Shamhaltú Iompair

a foilsíodh mar chuid den tríú babhta seo de chomhairliúchán poiblí. Is féidir breathnú ar an Réamhthuarascáil um Shamhaltú ar shuíomh gréasáin BusConnects – **www.busconnects.ie** agus is féidir í a íoslódáil ón suíomh sin.

## 2.4 Ríocht Uirbeach

Maidir leis an obair deartha theicniúil a bhain le hailíniú bóithre sna limistéir uirbeacha feadh na gconairí iompair inbhuanaithe, rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair sin a thabhairt chun críche agus rinneadh dul chun cinn freisin maidir le mionchoigeartú a dhéanamh ar na tograí deartha don Ríocht Uirbeach. Tá na dearaí seo á bhforbairt i gcomhairle leis an údarás áitiúil chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le scéimeanna agus tionscnaimh atá ann cheana féin.

Tá deiseanna feabhsúcháin don Ríocht Uirbeach scaipthe amach feadh na gconairí agus braitheann siad ar an suíomh ar leith agus an comhthéacs áitiúil. Agus spásanna uirbeacha á ndearadh againn, úsáidfimid ábhair chuí agus troscán uirbeach cuí chun a chinntiú go gcloítear le caighdeáin úsáide, mharthanachta agus chothabhála agus go bhfuil siad inbhuanaithe freisin.



## 2.5 Amlíne

### 2022

**RANNPHÁIRTÍOCHT**

**Plé a rinneadh ar an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn R2/R3**

Plé a rinneadh ar Thograí maidir leis an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn.

### 2023

**Tuilleadh Plé ar an mBealach Tosaíochta**

Dréacht-Bhealach Tosaíochta a Ullmhú in R1/R2. Tar éis an t-aiseolas arna fháil a chur san áireamh, foilseofar Bealaí Roghnaithe le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe – tréimhse 2 mhí de chomhairliúchán poiblí.

- Babhta eile comhairliúchán maidir le Bealach Tosaíochta R4

### 2023-2025

**PRÓISEAS REACHTÚIL**

**Iarratas Reachtúil a Ullmhú**

- Dearadh Innealtóireachta a Fheabhsú
- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a Ullmhú
- Ceanglais réadmhaoine a shainiú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú

## 2024-2026

### Iarratais chuig an mBord Pleanála

- Iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an Scéim Bheartaithe a cheadú agus ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh gaolmhar a dheimhniú
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na gceanglas reachtach
- Pléití an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Éisteacht ó Bhéal nuair is gá
- Féadfaidh an Bord Pleanála:
    1. An Scéim Bheartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don Scéim Bheartaithe a cheadú; agus
    2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a chur ar neamhní.

## 2026-2030

### CEANNACH & TÓGÁIL

**Cuirfear Tús le Tógáil ar Bhonn Céimnithe – Seans go mbeidh suas le 2 bhliain ag teastáil chun gach uasghrádú conaire a chur i gcrích**

# 3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Tugtar sonraí sa bhróisiúr seo faoin Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) atá beartaithe don Chonair Iompair Inbhuanaithe seo. Reáchtálfar an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis na moltaí seo, ansin déanfar mionchoigeartú ar an dearadh agus déanfar measúnacht tionchair comhshaoil, agus ina dhiaidh sin uile, déanfaidh an ÚNI iarratas reachtúil foirmiúil chuig an mBord Pleanála lena cheadú.

## 3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán ar leith a bhaineann le gné na Conaire Iompair Inbhuanaithe de chlár BusConnects Chorcaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail **www.busconnects.ie**. Tá gach bróisiúr a foilsíodh roimhe seo maidir le Bealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) chomh maith leis na bróisiúir ón dara babhta de chomhairliúchán ar fáil ar an suíomh gréasáin.

Is féidir le húsáideoirí cuairt a thabhairt ar an suíomh chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal agus cóipeanna de na príomhdhoiciméid a íoslódáil.

**Is féidir ceisteanna ginearálta a chur ar:**

Líne Shaorghlao thiomnaithe
**1800 303 653**

nó trí ríomhphost a sheoladh chuig
**corkstc@busconnects.ie**

## 3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt

Táimid ag lorg aighneachtaí maidir leis na Roghanna Bealaigh Tosaíochta atá leagtha amach sa doiciméad seo. Tá an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí a chur isteach ar fáil ar an suíomh gréasáin.

**Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach agus tuairimí a thabhairt faoi**

Cliceáil ar an rannán "Comhairliúchán Poiblí" atá ar fáil ar an leathanach dár suíomh gréasáin a bhaineann le Conairí Iompair Inbhuanaithe:
**https://consult.nationaltransport.ie**

Post:
**Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe**
**Oifig Chorcaí an ÚNI, Svuít 427, 1 Cé Uí Argáin**
**Waterfront Square, Corcaigh, T23 PPT8**



## 3.3 Cad a tharlóidh anois?

Nuair a bheidh an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí thart, cuirfidh an ÚNI bailchríoch ar na Roghanna Bealaigh Tosaíochta do gach ceann den aon chonair déag. Déanfar níos mó forbartha ar dhearaí na scéime agus ullmhófar iarratais toilithe reachtaíochta don Bhord Pleanála, lena n-áirítear iompar agus measúnachtaí tionchair comhshaoil. Ar mhaithe le próiseas toilithe reachtaíochta, féadfar roinnt chonairí a chur isteach in aon iarratas amháin . Nuair a bheidh an obair fhorbartha déanta ullmhófar Tuarascáil Measúnachta Tionchair Comhshaoil do na scéimeanna le chéile mar aon le sonraí faoin talamh ar a bhfuil siad chun seilbh a fháil orthu. Cuirfear na hiarratais seo faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2024/2025 lena bhreithniú agus lena chinneadh. Beidh próiseas comhairliúcháin reachtúil foirmiúil mar chuid den phróiseas sin.

# 4. Cur Síos ar an mBealach Tosaíochta

## 4.1 Forléargas

Tosaíonn Conair Iompair Inbhuanaithe (CII E) Baile an Chollaig go dtí Lár na Cathrach taobh ó thuaidh den N22 Acomhal na nUamhanna, taobh thiar theas de Bhaile an Chollaig. Leanann an conair ar aghaidh ar Sheanbhóthar Mhaigh Chromtha (R608) i dtreo na Príomhshráide, Baile an Chollaigh.  Ón bPríomhshráid, fanann an conair ar an R608 agus téann sé ar aghaidh i dtreo Bhóthar na Modhfheirme, ag dul trí Thimpeallán Phollmhóna.  Leanann an conair ar aghaidh ansin ar Bhóthar na Modhfheirme go dtí an acomhal ag Dennehy's Cross.

Ó Dennehy's Cross, scarann na slite do bhusanna agus rothaithe, le busanna curtha i dtreo an oirthir go Bóthar na hArmlainne agus Bóthar an Choláiste sula gcasann siad ar Bhóthar Uí Dhonnabháin. Cuirfear rothaithe i dtreo an tuaiscirt ar an mbonneagar rothaíochta beartaithe i gConair Iompair Inbhuanaithe F (Baile an Easpaig go dtí Lár na Cathrach), feadh Bhóthar Chrois Victoria agus ar Bhóthar an Iarthair, ag dul ar mhalairt slí go Siúlán na Muirdíge sula dtéann siad ar ais ar an tslí bus ag acomhal Bhóthar Uí Dhonnabháin/Bóthar an Iarthair (ag Bandfield). Cuirtear saoráidí rothaíochta ar fáil idir Bóthar an Choláiste agus Bóthar an Iarthair trí Shiúlán an Phríosúin agus slí nua trí Charrchlós Perrott's Inch.

Críochnaíonn CII E do bhusanna agus rothaithe ag Bandfield agus idir an áit seo agus lár na cathrach, comhcheanglaíonn CII E le moltaí beartaithe bus agus rothar i gConair Iompair Inbhuanaithe F (Baile an Easpaig go Lár na Cathrach), ag leanúint ar aghaidh go dtí Cé Lancaster agus Sráid Washington chomh fada leis an acomhal le Sráid an Chapaill Bhuí.

Cuirtear saoráidí rothar tiomnaithe ar fáil feadh fhormhór na conaire, agus stráice gearr sráide ciúine beartaithe feadh Shiúlán na Mairdíge. Cuirtear cead bealaigh do bhusanna ar fáil feadh fhormhór na conaire, agus úsáid á bhaint as lánaí bus tiomnaithe agus bearta bainistíochta tráchta áitiúil in áiteanna níos srianta chun cabhrú le hamanna turais bus níos iontaofa.

Déanfaidh na paragraif seo a leanas cur síos níos mionsonraithe ar gach cuid STC, agus sainaithneofar na príomh-athbhreithnithe dearaidh a ionchorpraíodh sa dearadh ó foilsíodh Rogha an Bhealaigh is Fearr sa dara Comhairliúchán Poiblí i mí an Mhárta 2023.

## 4.2 Siar ó Bhaile an Chollaig go Bóthar na Modhfheirme/Pollmhóin

Tosaíonn an conair ar an taobh thuaidh den N22 Acomhail na nUamhanna, ar Sheanbhóthar Mhaigh Chromtha (R608).  Tá cosáin agus raonta rothar nua agus uasghrádaithe beartaithe idir tús na conaire agus Lisheen Woods.  Tá trasrian coisithe/rothar beartaithe díreach ó thuaidh den N22 Acomhal na nUamhanna agus nasc coisithe nua beartaithe chomh maith le trasrian coisithe gaolmhar ag nascadh Coolroe Heights agus Westgrove.

Tá bonneagar rothaíochta tiomnaithe beartaithe sa dhá threo feadh an stráice ar fad, ag leanúint ar aghaidh tríd an bPríomhshráid i mBaile an Chollaig agus ar an acomhal le Bóthar na Modhfheirme ag an Timpeallán Phollmhóna, a caithfear uasghrádú ina acomhal lán-chomhartháithe a dhéanamh air chomh maith.

Tá lána bus isteach (i dtreo Chathair Chorcaí)

beartaithe idir Club Rugbaí Bhaile an Chollaig agus acomhal na Príomhshráide/carrchlós Castle West (le bearna bheag i gcomharsanacht Oriel House Hotel agus ar an mbealach isteach go acomhal Bhóthar Inis Cara. Tá cead bealaigh faoi rialú soilse tráchta beartaithe siar ó Bhóthar an tSeandúin agus ag suíomhanna eile ar an stráice seo, áit a gcríochnaíonn lánaí bus agus a gcomhcheanglaíonn siad leis an trácht ginearálta.

Laistigh de lár an bhaile feadh na Príomhshráide, beidh deiseanna ann an ríocht phoiblí atá ann cheana a fheabhsú trí éifeachtúlachtaí gníomhaíochta tráchta a chruthú chun ligean do thuilleadh spáis do fheabhsúcháin sa ríocht phoiblí, mar shampla áiteanna plandála.

Tosaíonn an lána bus isteach arís ag Whitethorn Drive agus leanann sé ar aghaidh go dtí an t-acomhal ag Pollmhóin, agus an cead bealaigh faoi rialú soilse tráchta curtha leis. Sa treo isteach (i dtreo Bhaile an Chollaig), tá stráice gearr lána bus beartaithe idir Pollmhóin agus soir ó Daffodil Fields, le cead bealaigh faoi rialú soilse tráchta san áit a gcríochnaíonn an lána bus. Áirítear leis na moltaí don stráice seo comharthaíocht a chur ag an acomhal le Leo Murphy Road.

Tá sé beartaithe chomh maith uasghrádú a dhéanamh ar Thimpeallán Phollmhóna mar acomhal crosbhóthair lán-chomharthaithe, agus rochtain áitiúil ar Bridgewater a aistriú go dtí an taobh thuaidh den acomhal comharthaithe ar Bhóthar Charraigh Ruacháin.

Cuirfear stadanna bus nua agus feabhsaithe feadh stráice iomlán CII E agus go leor stadanna bus atá ann cheana á n-aistriú chun freastal níos fearr ar úsáideoirí agus chun soláthar an bhonneagair fheabhsaithe a cheadú.

Tá feabhsuithe ar spásanna uirbeacha agus ar thimpeallachtaí coisithe/rothaíochta beartaithe freisin ag go leor acomhal feadh na coda seo den chonair mar atá léirithe sa tábla seo a leanas.



## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Suíomh | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Siar ó Bhaile an Chollaigh ar Sheanbhóthar Mhaigh Chromtha. | Cosáin nua agus uasghrádaithe idir Classis Road agus Lisheen Woods. |
| Siar ó Bhaile an Chollaig ag na hacomhail le Lisheen Fields, Coolroe Meadows, West End agus Bóthar an tSeandúin. | Feabhsuithe ar na hacomhail chomharthaithe atá ann cheana, agus tugann siad tús áite do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus rothaithe. |
| Siar ó Bhaile an Chollaig ag Classis Road agus Coolroe Heights/Westgrove agus an Aill Thiar. | Trasrianta coisithe nua nó aistrithe a éascóidh rochtain níos éasca ar stadanna bus nua agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta do choisithe. |
| Príomhshráid Bhaile an Chollaig, Acomhal Bhóthar an Stáisiúin agus Acomhal Shráid Harrington. | Spásanna sráide agus tírdhreachtú feabhsaithe. Acomhail chomharthaithe uasghrádaithe ag Bóthar an Stáisiúin agus Sráid Harrington le dearadh atá oiriúnach do choisithe agus rothaithe. |
| Soir ó Bhaile an Chollaig ag Leo Murphy Road/An Phríomhsráid/Acomhal Leesdale Avenue. | Acomhail chomharthaithe nua le dearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |
| Soir ó Bhaile an Chollaig ag Whitethorn Drive agus Rosewood. | Trasrianta coisithe nua nó aistrithe a éascóidh rochtain níos éasca ar stadanna bus nua agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta do choisithe. |
| Soir ó Bhaile an Chollaig ag Timpeallán Phollmhóna. | Timpeallán Phollmhóna a thiontú go hacomhal crosbhóthair comharthaithe le dearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe (agus géag rochtana ar Bridgewater athraithe). |

Chun na feabhsuithe sin ar iompar inbhuanaithe a éascú, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neas-suíomhanna seo a leanas:

- Talamh ar an taobh thoir de Bhóthar Inis Cara laistigh de chóngharacht Mechterstadt Road;
- Tailte ar an dá thaobh de Sheanbhóthar Mhaigh Chromtha (R608) idir Coolroe Meadows agus Bóthar an tSeandúin; agus
- Tailte ar an dá thaobh de Sheanbhóthar Mhaigh Chromtha (R608) idir Carrigdene agus Bóthar na Modhfheirme.

## 4.3 Bóthar na Modhfheirme, Pollmhóin go Dennehy's Cross

Tosaíonn an stráice seo de CII E ar an taobh thiar de Bhóthar na Modhfheirme (ag an acomhal le N22 Bhóthar Charraig Ruacháin ag Timpeallán Phollmhóna), ag dul feadh Bhóthar na Modhfheirme ar fad agus ag dul trasna ar Bhóthar Wilton ag an acomhal ag Dennehy's Cross.

Tá sé beartaithe bonneagar rothar scartha céimnithe sa dá threo feadh stráice na conaire seo go léir.

Tá geata bus isteach agus amach beartaithe in ionad bonneagair fhisicigh le cead bealaigh bus faighte trí shrian a chur ar thréthracht neamhriachtanach ar Bhóthar na Modhfheirme. Bheadh an geata bus isteach, a bheadh i bhfeidhm le linn bhuaicthráth tráchta na maidine, suite díreach soir ó Scotch Lane. Chuirfeadh tréthrácht ag dul trí lár na cathrach ar mhalairt slí go dtí an N22 ag an acomhal Phollmhóna, ag dul ó thuaidh ag nascadh le Bóthar an Iarthair, nó ó dheas ag nascadh leis an N40 - South Ring Road Chorcaí. Bheadh an geata bus amach, a bheadh i bhfeidhm le linn bhuaicthráth tráchta an tráthnóna, suite díreach siar ó acomhal nua a cruthaíodh le bóthar ceangail nua ag nascadh Bóthar na Modhfheirme agus an N22. Tá bóthar ceangail nua ar an taobh thiar de Lána Inse Gaigín beartaithe chun freastal ar trácht ag teacht ó Bhóthar na Modhfheirme go dtí an N22 mar gheall ar na geataí bus beartaithe.

Is éard a bheidh ag teastáil ó sholáthar an bhonneagair iompair inbhuanaithe atá beartaithe ná athailíniú an stráice ar Bhóthar na Modhfheirme i gcomharsanacht an acomhail le Lána Inse Gaigín, lena n-áirítear Droichead Charraig Ruacháin a leathnú. Fanann an chomharthaíocht ag acomhail ag Bóthar na Modhfheirme/Lána Inse Gaigín agus Bóthar na Modhfheirme/Cnoc an Teampaill de réir an Bhealaigh Tosaíochta.

Tá lána bus isteach beartaithe idir an Bóthar Ceangail nua agus díreach siar ó Pháirc an Fhearainn Liath, agus sa treo isteach, tá lána bus tiomnaithe curtha ar fáil, ach le bearna bheag i leibhéal soláthair os comhair Hall Éidin, le cead bealaigh faoi rialú soilse tráchta curtha ar fáil.

Feadh Bhóthar na Modhfheirme, idir Ascaill Rosa agus Dennehy's Cross, áirítear leis an moladh stráicí de lánaí bus tiomnaithe sa dá threo agus cead bealaigh faoi rialú soilse tráchta.

Mar atá le stráicí eile CII E, cuirfear stadanna bus nua agus feabhsaithe ar fáil feadh stráice iomlán den chonair agus go leor stadanna bus á n-aistriú chun freastal níos fearr ar úsáideoirí agus chun soláthar an bhonneagair fheabhsaithe a cheadú.

Ó Dennehy's Cross feadh an stráice seo de CII E, scarann na slite do bhusanna agus rothaithe. Tá sé beartaithe go rachaidh busanna feadh Bhóthar na hArmlainne, Bóthar an Choláiste agus Bóthar Uí Dhonnabháin chun nascadh le Bóthar an Iarthair. Cuirfear rothaithe feadh Bhóthar Chrois Victoria, Bóthar an Iarthair agus Siúlán na Muirdíge, agus an t-infreastruchtúr atá beartaithe do Chonair Iompair Inbhuanaithe F á úsáid (Baile an Easpaig go Lár na Cathrach) sula dtéann siad ar ais ar an tslí bus ag acomhal Bhóthar Uí Dhonnabháin/Bóthar Uí Dhonnabháin (ag Bandfield). Ní chuireann sé sin bac ar rothaithe Bóthar na hArmlainne agus Bóthar an Choláiste a úsáid. Cuirtear saoráidí rothaíochta breise ar fáil idir Bóthar an Choláiste agus Bóthar an Iarthair trí Shiúlán an Phríosúin.

Tá saoráidí coisithe feabhsaithe beartaithe ag suíomhanna/acomhail feadh an stráice seo den chonair mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Suíomh | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar na Modhfheirme (iarthar) | Cosáin nua agus feabhsaithe feadh Bhóthar na Modhfheirme (iarthar). idir Lána Inse Gaigín agus Pollmhóin. |
| Bóthar na Modhfheirme (iarthar), ag Carraig Túr agus soir ó Carriganarra Road | Trasrianta coisithe nua chun rochtain níos éasca a éascú ar stadanna bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta do choisithe. |
| Acomhail Bhóthar na Modhfheirme (iarthar) le Cnoc an Teampaill agus Lána Inse Gaigín | Acomhail chomharthaithe nua le dearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |
| Bóthar na Modhfheirme (iarthar) | Trasrianta coisithe nua ag freastal ar Ghlasbhealach Chaol Churraichín i dtreo ó thuaidh de Halla Éidin agus Sruthán an Rois, chun rochtain éasca ar stadanna bus nua agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta a éascú. |
| Acomhail Bhóthar na Modhfheirme le Ascaill Rosa agus Irish Development Agency/Kenley | Feabhsuithe ar na hacomhail chomharthaithe atá ann cheana, agus tugann siad tús áite do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus rothaithe. Nasc coisithe nua go Bóthar na Modhfheirme ón taobh thoir de thailte Irish Development Agency (IDA). |
| Acomhail Bóthar na Modhfheirme le Bóthar an Fhearainn Léith/Ascaill Bhaile an Easpaig | Feabhsuithe ar na hacomhail chomharthaithe atá ann cheana, agus tugann siad tús áite do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus rothaithe. |
| Bóthar na Modhfheirme (oirthear) ag Páirc Bhaile an Easpaig, Garrán na Silíní | Trasrianta coisithe nua chun rochtain níos éasca a éascú ar stadanna bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta do choisithe. |
| Bóthar na Modhfheirme (oirthear) ag acomhal le Bóthar Wilton/Bóthar Chrois Victoria/Bóthar na Modhfheirme (Crois Dennehy) | Feabhsuithe ar na hacomhail chomharthaithe atá ann cheana, ag tabhairt tús áite do dhearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe, agus soláthar do ghníomhaíochtaí tráchta nua casadh ar dheis á gcur san áireamh. |

Chun na feabhsuithe sin ar iompar inbhuanaithe a éascú, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neas-suíomhanna seo a leanas:

- Tailte ar an dá thaobh de Bhóthar na Modhfheirme idir Timpeallán Phollmhóna agus Lána Inse Gaigín;
- Tailte talmhaíochta idir Bóthar na Modhfheirme agus Bóthar Charraig Ruacháin (don bhóthar ceangail beartaithe);
- Tailte ar an dá thaobh de Bhóthar na Modhfheirme idir Lána Inse Gaigín agus Ascaill Rosa; agus
- Talite ar an dá thaobh de Bhóthar na Modhfheirme idir an Choill Cham agus Dennehy's Cross.

## 4.4 Dennehy's Cross go Bóthar an Iarthair (Bandfield)

Tá sé beartaithe stráice gearr lána bus amach a chur ar fáil ar Bhóthar na hArmlainne idir Bóthar an Choláiste agus Dennehy's Cross. Ar Bhóthar an Choláiste, tá sé beartaithe geata bus (is é sin stráice bóthair nach bhfuil cead ach a busanna, tacsaithe, rothaithe agus feithiclí éigeandála dul tríd) a chur ar fáil a dhéanfaidh bainistíocht ar shruth an tréthráchta ginearálta feadh Bhóthar an Choláiste agus cuirfidh sé iontaofacht níos fearr maidir le ham turais ar fáil do bhusanna agus rochtain áitiúilo á coinneáil do réadmhaoine feadh Bhóthar an Choláiste.

Le cur leis an mbonneagar rothar atá beartaithe mar chuid de CII F, roinnfidh rothaithe, atá ag iarraidh leanúint ar aghaidh feadh Bhóthar an Choláiste i dtreo UCC agus díol suntais eile, an carrbhealach le busanna agus trácht áitiúil i dtimpeallacht íseallluais íseal agus ceansaithe tráchta. Mar chuid de CII F, cuirtear saoráidí rothaíochta breise ar fáil idir Bóthar an Choláiste agus Bóthar an Iarthair le sráid chiúin ar Shiúlán an Phríosúin agus cosán comhroinnte beartaithe trí charrchlós Perrott's Inch.

Tá leathnú logánta ar chosáin atá ann cheana agus suiteáil cosáin nua feadh chuid thiar de Bhóthar an Choláiste beartaithe, chomh maith le tiontú an timpealláin ag an acomhal le Bóthar na hArmlainne ina acomhal comharthaithe. Tá sé beartaithe srian a chur ar ghníomhaíocht feithiclí thar an droichead ar Bhóthar Uí Dhonnabháin go sruth tosaíochta aontreo agus trácht ó thuaidh ag tabhairt cead bealaigh do thrácht ó dheas thar an droichead, Ligeann sé sin do chosáin a leathnú chun saoráidí coisithe a fheabhsú thar an droichead.

Mar atá le stráicí eile, cuirfear stadanna bus nua agus feabhsaithe ar fáil feadh stráice iomlán den chonair agus go leor stadanna bus á n-aistriú chun freastal níos fearr ar úsáideoirí agus chun soláthar an bhonneagair fheabhsaithe a cheadú.

Cuirfear saoráidí coisithe feabhsaithe ar fáil ag suíomhanna/acomhail feadh an stráice seo den chonair mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Suíomh | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Acomhal Bhóthar na hArmlainne/ Bóthar an Choláiste | Acomhail chomharthaithe nua le dearadh atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe. |
| Bóthar an Choláiste | Cosáin nua agus fheabhsaithe ar Bhóthar an Choláiste |
| Acomhal Bhóthar an Choláiste/Siúlán an Phríosúin | Feabhsuithe ar an acomhal comharthaithe atá ann cheana. |
| Siúlán an Phríosúin | Saoráidí rothaíochta nua |
| Bóthar Uí Dhonnabháin | Cosáin leathnaithe feadh Dhroichead Uí Dhonnabháin agus úsáid a bhaint as sruth tráchta aontreo. |

Chun na feabhsuithe sin ar iompar inbhuanaithe a éascú, tá sé beartaithe go mbeidh tógáil talún ag teastáil ag na neas-suíomhanna seo a leanas:

- Tailte ar an dá thaobh de Bhóthar an Choláiste idir Bóthar na hArmlainne agus Ascaill San Proinsias;
- Tailte ar an taobh theas de Bhóthar na hArmlainne ag an acomhal le Bóthar an Choláiste;
- Tailte ar an dá thaobh d'acomhal Bhóthar an Choláiste le Bóthar Uí Dhonnabháin.

## 4.5 Foilsíodh Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe i mí an Mhárta 2023

- R608 (Seanbhóthar Mhaigh Chromtha) agus acomhal Bhóthar Inis Cara: - Lána tiomnaithe casadh ar chlé curtha le Bóthar Inis Cara don trácht ó dheas ag casadh ar R608 (Seanbhóthar Mhaigh Chromtha), paiste tiomnaithe casadh ar dheis curtha leis an R608 don trácht ag dul siar chun casadh ar dheis ar Bhóthar Inis Cara.
- Lár Baile Bhaile an Chollaig: - Lána tiomnaithe casadh ar chlé don trácht ag dul soir curtha roimhe ré ar acomhal Bhóthar an tSeandúin (iarthar). Paiste casadh ar dheis don trácht ag dul siar chun scuainí feadh na Príomhshráide a laghdú do ghluasiteáin atá ag iarraidh casadh isteach i gcarrchlós Tesco agus ionad siopadóireachta Castle West. Feabhsú socrúcháin acomhail ag acomhal soir na Príomhshráide agus Bóthar an tSeandúin chun ligean do lána tiomnaithe casadh ar dheis don trácht ag dul siar ag casadh isteach ar Bhóthar an tSeandúin soir ag acomhal comharthaithe.
- Idir Daffodil Fields agus Pollmhóin: - tá lána breise casadh ar chlé don trácht ginearálta ag casadh ar chlé ar an N22 beartaithe.
- Idir Mount Mercy College agus Páirc an Fhearainn Liath: - Tá tosaíocht comhartha bus ag dul soir beartaithe le cur i bhfeidhm in aice leis an taobh thoir den bhealach isteach ar Mount Mercy College, agus stad bus beartaithe gaolmhar aistrithe go dtí an pointe seo - Laghdaíonn sé sin fad foriomlán an lána bus atá de dhíth, agus mar gheall air sin, tionchar na tógála talún ar réadmhaoine sa stráice seo a laghdú.
- Acomhal Dennehy's: - Lána bus ag dul soir feadh Bhóthar na Modhfheirme ar an mbealach isteach ar an acomhal chun an t-acomhal a mhéadú le lána tráchta breise casadh ar dheis ag dul soir don trácht ginearálta chun casadh isteach ar Bhóthar Wilton. Lána casadh ar dheis ag dul siar feadh Bhóthar na hArmlainne ar an mbealach isteach ar an acomhal chun ligean don trácht casadh isteach ar Bhóthar Chrois Victoria ag acomhal Dennehy's.

## 4.6 Príomhfhíricí

| | |
|---|---|
| Neaslíon na bhfoirgneamh a bhféadfadh tionchar a bheith orthu: | **205** |
| Neaslíon na spásanna páirceála ar an tsráid a d'fhéadfaí a bhaint: | **23** |
| Neaslíon na gcrann cois bóthair a d'fhéadfaí a leagan: | **409** |
| Neasfhad bealaigh STC: | **11km** |
| Neasfhad an rotharbhealaigh:<br>Isteach - de raon rothar scartha<br>Amach - de raon rothar scartha | **24km**<br>**12km**<br>**12km** |




# 5. Aguisíní

5.1 Léarscáileanna Innéacs
5.2 Léarscáileanna Bealaigh









TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach Roghnaithe Éiritheach a léirítear ar na líníochtaí seo a leanas ach léiriú táscach agus tá sé faoi réir athruithe tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
ROADSTONE
OVENS ROAD
Tie in to Existing
PROPOSED SCHEME
PROPOSED TWO-WAY CYCLE TRACK
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
R608 (OLD MACROOM ROAD)
TOUCAN CROSSING
NEW BUS STOP LOCATION
PROPOSED SCHEME
Tie in to Existing
N22 NATIONAL ROAD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
GALA STORE
WOOD ROAD
R608 (OLD MACROOM ROAD)
NEW BUS STOP LOCATION
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
THE OAKS
THE AVENUE
APPLEGREEN
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
R608 (OLD MACROOM ROAD)
LISHEEN WOODS
LISHEEN FIELDS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
THE AVENUE
BALLINCOLLIG R.F.C.
THE STABLES
R608 (OLD MACROOM ROAD)
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
PROSPECT LAWN
Lake
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
WYNDHAM DOWNS
R608 (OLD MACROOM ROAD)
OLD QUARRY APARTMENTS
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
NEW BUS STOP LOCATION
COOLROE MEADOWS
AYLSBURY LAWN
R608 (OLD MACROOM ROAD)
THE GROVES
THE GREEN
THE VALE
AYLSBURY COURT
SCALE BAR
CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
WESTCOURT
R608 (OLD MACROOM ROAD)
OLD QUARRY APARTMENTS
WESTGROVE
NEW BUS STOP LOCATION
NEW BUS STOP LOCATION
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
TOUCAN CROSSING
COOLROE HEIGHTS
R608 (OLD MACROOM ROAD)
COOLROE COURT
AVONCOURT
THE AVENUE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
MECHTERSTADT ROAD
INNISCARRA ROAD
MECHTERSTADT ROAD
WESTVIEW
INNISMORE COURT
R608 (OLD MACROOM ROAD)
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
PARKNAMORE
WEST END SHOPPING CENTRE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION BETWEEN INNISCARRA ROAD AND INNISMORE COURT
1.8m FOOTPATH
1.5m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.75m TURN LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
1.5m CYCLE TRACK
1.8m FOOTPATH



CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
INNISMORE COURT
WESTCLIFFE
R608 (OLD MACROOM ROAD)
FLYNN'S ROAD
NEW BUS STOP LOCATION
TOUCAN CROSSING
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
1.8m FOOTPATH
1.5m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.5m CYCLE TRACK
1.8m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
ORIEL HOUSE HOTEL
WESTFIELD
OLD FORT ROAD
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
R608 (OLD MACROOM ROAD)
MAIN STREET
TOUCAN CROSSING
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
WILLOW DRIVE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
1.8m FOOTPATH
1.5m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
1.5m CYCLE TRACK
1.8m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
OLD FORT ROAD
TESCO
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
MAIN STREET
Car Park
Ballincollig Shopping Centre
DUNNES STORES
BALLINCOLLIG SHOPPING CENTRE
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
MAIN STREET
TOUCAN CROSSING
MAPLE LAWN
STATION ROAD
WILLOW DRIVE
SHAMROCK DRIVE
PINE WALK
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.1m PARKING
0.7m BUFFER
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
BALLINCOLLIG SHOPPING CENTRE
THE PARADE
BARRACK SQ
Pearse House
N
BARRACK SQUARE
HIGH STREET
HERITAGE WALK
GARDA STATION
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TOUCAN CROSSING
MAIN STREET
MURPHY'S ROAD
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
STATION ROAD
THE SQUARE
NO RIGHT TURN SIGN
NEW BUS STOP LOCATION
HARRINGTON STREET
CARRIGDENE
Unit 1-7
The Square
BAKER STREET
Car Park
1-12
Cinema
Time Square
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.1m PARKING
0.7m BUFFER
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH






The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
BARRACK SQUARE
MURPHY'S ROAD
MAIN STREET
HARRINGTON STREET
CARRIGDENE
OLD FORT ROAD
FATHER SEXTON PARK
LEESDALE AVENUE
LEO MURPHY ROAD
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
PROPOSED FOOTWAY VIA. NEW PEDESTRIAN ARCHWAY CONSTRUCTED IN HISTORIC WALLS. ARCHWAY DESIGN WILL BE SYMPATHETIC TO MATCH EXISTING STONEWORK. THE FREESTANDING PIERS WILL NOT BE IMPACTED
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
LEESDALE AVENUE
LEESDALE DRIVE
School
Coláiste Choilm
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
MAIN STREET
MAIN STREET
LEO MURPHY ROAD
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
Link Road Business Park
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
NEW BUS STOP LOCATION
NEW BUS STOP LOCATION
MANOR HILL
MAIN STREET
MAIN STREET
ROSEWOOD
WHITETHORN DRIVE
HAWTHORN AVENUE
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TOUCAN CROSSING
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
DAFFODIL FIELDS
MAIN STREET
BRIDGEWATER
N22 CARRIGROHANE ROAD
N22 LINK ROAD
HAWTHORN AVE
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH




**LEGEND:**

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING TREE TO BE RETAINED
- EXISTING TREE TO BE REMOVED
- PROPOSED TREES
- EXISTING BOUNDARY
- PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)




CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
HILLSBOROUGH
MODEL FARM ROAD
HILLFARM AVENUE
CHURCH HILL
HILTON
Rosefield
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
NEW BUS STOP LOCATION
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
Rosefield
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
MODEL FARM ROAD
MODEL FARM ROAD
MODEL FARM ROAD
HOUSING DEVELOPMENT UNDER CONSTRUCTION
CARRIGANARRA ROAD
The Rectory
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
VARIES GREEN AREA
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
N
MODEL FARM ROAD
MODEL FARM ROAD
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING BUS STOP LOCATION
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH

CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"







CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
SCOTCH LANE
PROPOSED INBOUND AM PEAK BUS GATE
PROPOSED OUTBOUND PM PEAK BUS GATE
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD SIGN (AM PEAK ONLY)
NEW JUNCTION TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
PROPOSED LINK ROAD
INDICATIVE ROAD ALIGNMENT
PROPOSED LINK ROAD
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD SIGN (PM PEAK ONLY)
MODEL FARM ROAD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR


TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
Tie in to Existing
PROPOSED SCHEME
CARRIGROHANE ROAD
PROPOSED LINK ROAD
INDICATIVE ROAD ALIGNMENT
PROPOSED LINK ROAD
PROPOSED SCHEME
Tie in to Existing
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH






The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
INCHIGAGGIN LANE
CURRAGHEEN RIVER
EDEN HALL
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
MODEL FARM ROAD
MODEL FARM ROAD
TOUCAN CROSSING
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
ROSSBROOK
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
ROSSBROOK
THE MANOR
MODEL FARM ROAD
ABBEYVILLE APARTMENTS
MELBOURNE COURT
PARCHMENT SQUARE
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
MELBOURN ROAD COMMERCIAL ESTATE
PARCHMENT SQUARE APARTMENTS
Westside Centre
Car Park
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
CORK BUSINESS AND TECHNOLOGY PARK
MELBOURNE COURT
BOSTON SCIENTIFIC CORK
Car Park
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
MELBOURN ROAD COMMERCIAL ESTATE
MODEL FARM ROAD
WYNDWOOD
ROSSA AVENUE
WOODFORD
Cork
Corcaigh
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
CORK BUSINESS AND TECHNOLOGY PARK
TREND MICRO
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TOUCAN CROSSING
MODEL FARM ROAD
MODEL FARM ROAD
KENLEY ROAD
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
KENLEY CLOSE
KENLEY AVENUE
PARKWAY DRIVE
KENLEY ROAD
Car Park
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
ALCON IRELAND
Car Park
TOUCAN CROSSING
NEW BUS STOP LOCATION
PILZ IRELAND
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
MODEL FARM ROAD
NEW BUS STOP LOCATION
CHERRY GROVE
MODEL FARM ROAD
Court
CHERRY GROVE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
VARIES (not less than 2m) FOOTPATH






The sketch visualisations presented within this brochure reflect the current design stage only and will be subject to refinement following feedback from this public consultation and the subsequent Preliminary Design Stage.



CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
FARRANLEA PARK
THE RENDEZVOUS
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
MODEL FARM ROAD
LAUREL BANK
PROPOSED SCHEME
Bishopstown to City Sustainable Transport Corridor F
THE BELFRY
KINLOCH COURT
BISHOPSTOWN AVENUE
CONVENT LANE
9-12
6-11
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH



CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
TOUCAN CROSSING
BISHOPSTOWN PARK
MODEL FARM ROAD
MODEL FARM ROAD
NEW BUS STOP LOCATION
LEE GARAGE
WOODLAWN
THE BELFRY
CHURCH OF THE HOLY SPIRIT, DENNEHYS CROSS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
VICTORIA CROSS ROAD
Orchard Gardens Yarlington
Bishopstown to City
Sustainable Transport Corridor F
PROPOSED SCHEME
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
NEW BUS STOP LOCATION
TOUCAN CROSSING
MILLFIELD
MAGAZINE ROAD
MODEL FARM ROAD
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
LINARO AVE
ROBIN HILL AVE
WILTON ROAD
CHURCH OF THE HOLY SPIRIT, DENNEHYS CROSS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.75m TURN LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
BROOKFIELD
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
ORCHARD ROAD
MILLFIELD
COLLEGE ROAD
ST FRANCIS AVENUE
ST CLARE'S AVENUE
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
LINARO AVE
ROBIN HILL AVE
MAGAZINE ROAD
BENDEMEER PARK
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
VARIES FOOTPATH


CYAL50298388 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland.
OSI Mapping has been "adjusted in accordance with survey evidence"
BON SECOURS HOSPITAL
TOUCAN CROSSING
CAVANAGH PHARMACY BUILDING
UCC FOOD SCIENCE TECHNOLOGY AND TECHNOLOGY BUILDING
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
QUIET STREET
NO LEFT TURN SIGN
NO RIGHT TURN SIGN
GAOL WALK
COLLEGE ROAD
COLLEGE ROAD
ST CLARE'S AVENUE
BROOKFIELD MEWS
HIGHFIELD WEST
HIGHFIELD AVENUE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
AS EXISTING FOOTPATH
AS EXISTING CARRIAGEWAY
AS EXISTING CARRIAGEWAY
AS EXISTING FOOTPATH


QUIET STREET
GAOL WALK
NO LEFT TURN SIGN
NO RIGHT TURN SIGN
COLLEGE ROAD
HIGHFIELD AVENUE
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD SIGN
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD SIGN
QUIET STREET TREATMENT
DONOVAN'S ROAD
POTENTIAL NEW ACCESS TO UCC MAINTENANCE DEPOT
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
COLLEGE ROAD
PERROTT AVENUE
COLLEGE VIEW
HORGAN'S BUILDINGS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
AS EXISTING FOOTPATH
AS EXISTING CARRIAGEWAY
AS EXISTING CARRIAGEWAY
AS EXISTING FOOTPATH



EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD SIGN
HONAN CHAPEL
UCC GEOGRAPHY BUILDING
QUIET STREET TREATMENT
DONOVAN'S ROAD
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TOUCAN CROSSING
QUIET STREET TREATMENT
CONNAUGHT AVENUE
COLLEGE ROAD
RIVER LEE
ODONOVAN ROSSA ROAD
WESTERN ROAD
PROPOSED SCHEME
Bishopstown to City Sustainable Transport Corridor F
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOTPATH
VARIES GENERAL TRAFFIC LANE
VARIES GENERAL TRAFFIC LANE
VARIES FOOTPATH

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath,
D02 WT20

Oifig Chorcaí an ÚNI,
Svuít 427
1 Cé Uí Argáin, Cearnóg Éadan le hUisce,
Corcaigh
T23 PPT8

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éirean
Project Ireland
2040